



## Togra maidir le:

1. Leasú a dhéanamh ar an Treoir um Réiteach Malartach Díospóide (ADR), agus
2. Aisghair a dhéanamh ar an Rialachán um Réiteach Díospóide ar líne (ODR)

## Teimpléad le haghaidh Freagraí

Dáta Deiridh le haghaidh Freagraí:

12 meán lae, 27 Márta 2024

Seol an Teimpléad le haghaidh Freagraí trí ríomhphost chuig -

[conspol@enterprise.gov.ie](mailto:conspol@enterprise.gov.ie)

### Tábhachtach:

Tabhair faoi deara go gcuirfear teimpléid atá comhlánaithe ó gach freagróir i dtoll a chéile. Mar sin, bheimis buíoch dá seachnófaí téacs formáidithe laistigh den tábla a úsáid (e.g. pointí urchair, aisfhilleadh carráiste).

Sonraí teagmhála:	Freagróir:
Ainm	
Seoladh ríomhphoist	
Uimhir theileafóin	
Seoladh poist	

Leagtar amach sna hailt seo a leanas cur síos ar na hathruithe atá beartaithe, an fhoclaíocht mholta den théacs arna leasú nó foclaíocht an téacs atá beartaithe le scriosadh. Tógtar na sonraí ó thagairt doiciméadachta AE 2023/0376 (COD) agus 2023/0375 (COD).

## 1. Leasuithe ar Réiteach Malartach Díospóide

### Airteagal 2 - Raon Feidhme

Tá raon feidhme na Treorach ADR teoranta do dhíospóidí a eascraíonn ó oibleagáidí neamhchonarthacha maidir le díol earraí nó seirbhísí. Tríd an athbhreithniú seo, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún an raon feidhme a leathnú:

- próisis ADR deonacha in aghaidh aon trádálaithe a dhíolann earraí nó seirbhísí, lena n-áirítear seirbhísí digiteacha agus ábhar digiteach, do thomhaltóirí a bhfuil cónaí orthu san AE, agus
- chun díospóidí i dtaca le cearta reachtúla tábhachtacha eile de thomhaltóirí a chlúdach ar nós an chirt gan a bheith faoi réir cleachtaí geobhlocála, chun soláthróirí teileachumarsáide a athrú nó chun rochtain a fháil ar sheirbhísí airgeadais bunúsacha
- díospóidí i dtaca le céimeanna réamhchonarthacha ina bhfuil cearta tomhaltóirí ann, is cuma má chuireann an tomhaltóir deireadh leis an gconradh i ndeireadh na dála

Baineann an tríú sampla, mar shampla, le fógraíocht mhíthreorach, faisnéis mhíthreorach, dhoiléir nó in easnamh, téarmaí míchothroma nó cearta maidir le ráthaíocht.

### Foclaíocht Mholta:

Beidh feidhm ag an Treoir seo maidir le nósanna imeachta chun díospóidí a réiteach amach as an gCúirt idir tomhaltóirí a bhfuil cónaí orthu san Aontas agus trádálaithe a thairgeann earraí nó seirbhísí, lena n-áirítear ábhar digiteach agus seirbhísí digiteacha, do na

tomhaltóirí sin, tríd idirghabháil an eintitis ADR a bheartaíonn nó a fhorchuireann réiteach nó a thugann na páirtithe le chéile leis an aidhm chun réiteach cairdiúil a éascú maidir le ceann díobh seo a leanas:

- (a) oibleagáidí neamhchonarthacha a eascraíonn ó chonarthaí díolacháin, lena n-áirítear soláthar an ábhair dhigitigh, nó conarthaí seirbhíse;
- (b) cearta tomhaltóirí a bhaineann le cásanna réamhchonarthacha agus neamhchonarthacha agus dá bhforáiltear faoi dhlí an Aontais maidir le:
  - (i) cleachtais agus téarmaí tráchtála mhíchothroma,
  - (ii) faisnéis réamhchonarthach éigeantach,
  - (iii) neamh-idirdhealú ar bhonn náisiúntachta nó ar bhonn áite cónaithe,
  - (iv) rochtain ar sheirbhísí agus ar sheachadtaí,
  - (v) réitigh i gcás neamh-chomhréireachta de tháirgí agus d'ábhar digiteach,
  - (vi) ceart maidir le soláthróirí a athrú, agus
  - (vii) cearta paisinéirí agus taistealaithe.

Féadfaidh Ballstáit na nósanna imeachta ADR atá leagtha amach sa Treoir seo a chur i bhfeidhm, maidir le catagóirí de dhíospóidí seachas na cinn atá liostaithe sa chéad fhomhír, pointe (b).'

**Freagra:**

## Airteagal 4 – Sainmhínithe

Faoi láthair, tá na sainmhínithe de “dhíospóidí teaghlaigh” agus “dhíospóidí trasteorann” sa Treoir ADR i gcomhréir leis an raon feidhme reatha agus ní dhéanann siad tagairt ach do dhíospóidí conarthacha le trádálaithe atá bunaithe san Aontas. Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún na sainmhínithe sin a athrú chun na díospóidí ar fad i dtaca le cearta reachtúla tábhachtacha de thomhaltóirí a chlúdach. Ina theannta sin, tá sé mar aidhm ag an sainmhíniú nua de “dhíospóid trasteorann” cásanna ina bhfuil an trádálaí bunaithe taobh amuigh an Aontais a chlúdach.

### Focláíocht Mholta:

In Airteagal 4(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad pointí (e) agus (f):

‘(e) ciallaíonn ‘díospóid teaghlaigh’ díospóid idir tomhaltóir agus trádálaí, i dtaca le hoibleagáidí neamhchonarthacha agus/nó cearta tomhaltóirí mar a fhoráiltear i ndlíthe an Aontais dá dtagraítear in airteagal 2(1), ina bhfuil cónaí ar an tomhaltóir sa Bhallstát céanna ina bhfuil an trádálaí bunaithe;

(f) ciallaíonn ‘díospóid teaghlaigh’ díospóid idir tomhaltóir agus trádálaí, i dtaca le hoibleagáidí neamhchonarthacha agus/nó cearta tomhaltóirí mar a fhoráiltear i ndlíthe an Aontais dá dtagraítear in airteagal 2(1), ina bhfuil cónaí ar an tomhaltóir i mBallstát seachas i mBallstát a bhfuil an trádálaí bunaithe nó ina bhfuil cónaí ar an tomhaltóir i mBallstát agus ina bhfuil an trádálaí bunaithe taobh amuigh den Aontas;’.

### Freagra:

## Airteagal 5 – Ar fud na n-eintiteas ADR agus nósanna imeachta ADR

Faoi láthair, forálann Airteagal 5(1) do na Ballstáit chun a chinntiú go gcomhlíonann na heintitis ADR leis na ceanglais den Treoir ADR, a dhéileálann le díospóidí idir tomhaltóirí agus trádálaithe bunaithe ina gcríocha faoi seach. Le síneadh beartaithe an raon feidhme, is féidir le trádálaithe bunaithe taobh amuigh den AE páirt a ghlacadh freisin, ar bhonn deonach, le nósanna imeachta ADR. Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún oibleagáid a chruthú do na Ballstáit chun eintitis ADR a bhunú a bheidh inniúlacht acu chun déileáil le díospóidí idir tomhaltóirí agus trádálaithe neamh-AE.

Chun tomhaltóirí a chosaint a bhfuil scileanna litearthachta digiteacha teoranta acu;

- Tagraíonn Airteagal 5(2)(a) don fhéidearthacht de thomhaltóirí leochaileacha chun rochtain a fháil ar dhoiciméid agus iad a sheoladh i bhformáid neamhdhigiteach, nuair a iarrtar é.
- Cuireann Airteagal 5(2)(b) béim ar riachtanais na dtomhaltóirí leochaileacha chun rochtain a fháil go héasca ar nósanna imeachta ADR trí uirlisí cuimsitheacha,
- Áirithíonn Airteagal 5(2)(c) an ceart d'athbhreithniú a dhéanamh ar nós imeachta lán-uathoibríthe ag duine nádúrtha.

Neartaíonn Airteagal 5(2)(d) an fhéidearthacht atá ann i mBallstáit áirithe d'eintitis ADR chun cásanna céanna a ghrúpáil in aghaidh trádálaí sonracha amháin chun acmhainní ADR agus am a shábháil don trádálaí agus do na tomhaltóirí lena mbaineann, agus an ceart a thabhairt do thomhaltóirí lena mbaineann chun cur i gcoinne do ghrúpáil dá leithéid sin.

Soiléiríonn Airteagal 5(4)(a) go bhfuil oibleagáid ar thomhaltóirí chun an díospóid a réiteach go déthaobhach leis an trádálaí, níor cheart go gcuireann eintitis ADR rialacha díréireacha i bhfeidhm maidir le conas teagmháil a dhéanamh leis an trádálaí roimh a bheith ábalta dul chuig ADR.

Tugann Airteagal 5(8) an dualgas isteach chun freagra a thabhairt ar thrádálaithe leis an gcuspóir iad a spreagadh chun páirt níos mó a ghlacadh in ADR. Cé nach bhfuil oibleagáid orthu chun páirt a ghlacadh in ADR, mura ndéantar foráil chuige sin sa reachtaíocht náisiúnta nó reachtaíocht eanáilsonrach AE, tá sé beartaithe go bhfuil oibleagáid orthu freagra a thabhairt ar iarratas ag eintiteas ADR, laistigh de thréimhse nach faide ná 20 lá oibre, maidir leis an bhfuil plean acu chun páirt a ghlacadh sa phróiseas ADR ina gcoinne, nó mura bhfuil.

## Foclaíocht Mholta:

Leasaítear Airteagal 5 mar seo a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad ailt 1:

‘1. Éascóidh na Ballstáit an rochtain atá ag tomhaltóirí ar nósanna imeachta ADR agus áiritheoidh siad gur féidir le díospóidí atá clúdaithe ag an Treoir seo agus a bhfuil trádálaí bunaithe ina gcríocha faoi seach ag baint leo, nó trádálaí nach bhfuil bunaithe ina gcríocha faoi seach d'aon Ballstát ach a bhfuil earraí nó seirbhísí á thairiscint acu, lena n-áirítear ábhar digiteach agus seirbhísí digiteacha, do thomhaltóirí a bhfuil cónaí orthu ina gcríocha faoi seach, a chur isteach ar eintiteas ADR a chomhlíonann leis na ceanglais atá leagtha amach sa Treoir seo.’;

(b) in alt 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad pointí (a) agus (d):

‘(a) déan cinnte gur féidir le tomhaltóirí gearáin chomh maith le doiciméid tacaíochta riachtanach a chur isteach ar líne i mbealach inrianaithe agus déan cinnte gur féidir le tomhaltóirí rochtain a fháil ar na doiciméid seo agus iad a chur isteach i bhformáid neamhdhigiteach nuair a iarrtar é;

(b) tairg nósanna imeachta digiteacha ADR trí uirlisí cuimsitheacha agus inrochtana go héasca;

(c) ceadaiigh an ceart do na páirtithe chun a iarraidh go ndéantar athbhreithniú ar thoradh an nós imeachta ADR ag duine nádúrtha i gcás a ndearnadh an nós imeachta trí mhodhanna uathoibrithe;

(d) féadfaidh cásanna céanna a ghrúpáil in aghaidh trádálaí amháin i nós imeachta amháin, faoi choinníoll go bhfuil an tomhaltóir i gceist ar an eolas faoi agus mura ndéanann siad agóid i gcoinne sin;’

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad ailt 4, pointe (a):

‘(a) ní dhéanann an tomhaltóir iarracht chun teagmháil a dhéanamh leis an trádálaí lena mbaineann chun an gearán a phlé agus chun, mar chéad chéim, an t-ábhar a réiteach go díreach leis an trádálaí, gan rialacha díréireacha a thabhairt isteach faoin bhformáid a bhaineann le teagmháil den chineál sin;’

(d) cuirtear an t-alt 8 seo a leanas leis:

'8. Áiritheoidh Ballstáit go bhfuil na trádálaithe atá bunaithe ina gcríocha a dhéanann eintiteas ADR teagmháil leo óna dtír nó ó Bhallstát eile, an t-eintiteas ADR sin a chur ar an eolas má ghlacann, nó mura nglacann siad le páirt a ghlacadh sa nós imeachta beartaithe agus freagra a thabhairt laistigh de thréimhse réasúnta nach faide ná 20 lá oibre.'

**Freagra:**

## Airteagal 7 - Trédhearcacht

Ceaptar an t-athrú beartaithe ó thuarascálacha ar ghníomhaíochtaí “bliantúla” foilsithe ag eintiteas ADR do thuarascálacha ar ghníomhaíochtaí “débhlíantúla” chun an t-ualach riaracháin agus na costais d'eintitis den chineál sin a laghdú. Cé go moltar comhoibriú, tá Airteagal 7(2)(h) beartaithe le scriosadh, agus mar sin ní bheidh gá a thuilleadh ar eintitis ADR tuarascáil a thabhairt ar chomhoibriú ar an réiteach de dhíospóidí trasteorann.

### Focláíocht bheartaithe agus téacs beartaithe le scriosadh:

Leasaítear Airteagal 7, alt 2 mar seo a leanas:

sa fhrása tosaigh, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte tosaigh:

‘Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfidh na heintitis ADR tuarascálacha ar ghníomhaíochtaí débhlíantúla ar fáil go poiblí ar a suíomhanna gréasáin, ar mheán marthanach nuair a iarrtar é, agus ar aon mhodh eile a mheasann siad a bheith iomchuí’.

Moltar Airteagal 7, alt 2(h) a scriosadh.

(h) comhoibriú d'eintitis ADR laistigh de ghréasáin na n-eintiteas ADR a éascaíonn réiteach na ndíospóidí trasteorann, más infheidhme

### Freagra:



## Airteagal 13 – Faisnéis do thomhaltóirí ag trádálaithe

Ceanglaíonn Airteagal 13(3) den Treoir seo ar thrádálaithe faisnéis ar ADR a sholáthar do thomhaltóirí gur mian leo nó nach mian leo an próiseas ADR a úsáid.

Meastar nach bhfuil gá le hAirteagal 13(3) a thuilleadh mar gheall ar Airteagal 13(1) do na trádálaithe a gheallann chun dul i mbun ADR, agus cuireann sé oibleagáid ar thrádálaithe nár mian leo dul i mbun ADR chun tomhaltóirí a chur ar an eolas faoi seo. Cuireann an ceanglas faisnéise seo in aghaidh tomhaltóirí próiseas ADR a roghnú agus meastar go bhfuil sé fritorthúil agus ina ualach gan údar ar thrádálaithe.

Moltar Alt 3 den Airteagal 13 a scriosadh.

### **Airteagal 13(3) – Le scriosadh:**

Áiritheoidh na Ballstáit go, i gcásanna nach féidir le díospóid idir tomhaltóir agus trádálaí bunaithe ina gcríocha a réiteach mar thoradh ar ghearán curtha isteach ag an tomhaltóir go díreach chuig an trádálaí, soláthraíonn an trádálaí faisnéis don tomhaltóir dá dtagraítear in alt 1, lena sonraítear an mbainfeadh sé úsáid as na heintitis ADR ábhartha chun an díospóid a réiteach. Soláthrófar an fhaisnéis sin ar pháipéar nó ar mheán marthanach eile.

### **Freagra:**

## Airteagal 14 – Cúnamh do thomhaltóirí

Tá glacadh íseal ADR i gcásanna trasteorann. Molann an Treoir go gcaithfear pointí teagmhála ADR a chruthú, ach b'fhearr é a dhéanamh laistigh de Lárionaid Eorpacha do Thomhaltóirí chun úsáid ADR a chur chun cinn agus chun cabhrú le tomhaltóirí agus trádálaithe leis na próisis ADR. Cuirtear an téacs seo a leanas in ionad an téacs in Airteagal 14.

### Foclaíocht Mholta:

#### *Cúnamh do thomhaltóirí*

1. Áiritheoidh na Ballstáit, maidir le díospóidí trasteorann, gur féidir le tomhaltóirí agus trádálaithe cúnamh a fháil chun rochtain a fháil ar eintiteas ADR nó eintitis atá in ann déileáil lena ndíospóid trasteorann.
2. Ainmneoidh gach Ballstát pointe teagmhála ADR a bheidh i gceannas taisc dá dtagraítear in alt 1. Cuirfidh gach Ballstát ainm agus sonraí teagmhála dá bpointe teagmhála in iúl don Choimisiún. Tabharfaidh na Ballstáit an fhreagracht as na pointí teagmhála ADR dá n-ionad i Líonra na Lárionad Eorpach do Thomhaltóirí, nó, mura bhfuil sé indéanta, ar eagraíochtaí tomhaltóirí nó ar aon chomhlacht eile a bhíonn ag déileáil le cosaint tomhaltóirí.
3. Éascóidh na pointí teagmhála ADR cumarsáid idir na páirtithe agus an t-eintiteas ADR inniúil, ina bhféadfadh an méid seo a leanas a bheith san áireamh:
  - (a) cúnamh a thabhairt leis an ngearán a chur isteach agus, i gcás inar iomchuí, doiciméadacht ábhartha;
  - (b) faisnéis ghinearálta ar chearta tomhaltóirí AE a sholáthar do na páirtithe agus d'eintitis ADR;
  - (c) sainmhínte ar rialacha nós imeachta arna cur i bhfeidhm ag eintitis ADR áirithe a sholáthar do na páirtithe;
  - (d) an gearánach a chur ar an eolas faoi mhodhanna eile sásaimh i gcás nach féidir díospóid a réiteach tríd an nós imeachta ADR.
4. Féadfaidh na Ballstáit an ceart chun cúnamh a sholáthar a dheonú do phointí teagmhála ADR dá dtagraítear san Airteagal seo do thomhaltóirí agus trádálaithe agus rochtain á bhfáil acu ar eintitis ADR freisin maidir le díospóidí teaghlaigh.

5. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil aon ghníomhaithe a chabhraíonn le tomhaltóirí i ndíospóidí trasteorann nó teaghlaigh, ag gníomhú de mheon macánta chun ligean do pháirtithe sa díospóid teacht ar réiteach cairdiúil agus faisnéis ábhartha a sholáthar do thomhaltóirí ar bhealach iomlán trédhearcach, lena n-áirítear faisnéis maidir le rialacha nós imeachta agus táillí ar bith is infheidhme.’.

**Freagra:**

## **Airteagal 19 – Faisnéis a mbeidh fógra le tabhairt do na húdaráis iniúla ag eintitis um réiteach díospóidí**

Tá sé beartaithe Ailt 19(3) (f), (g) agus (h) a scriosadh. Baineann siad cuid de na hoibleagáidí tuairiscithe ar eintitis ADR, agus ar an gcaoi sin, laghdaíonn siad a n-ualach riaracháin.

### **Focláíocht bheartaithe le scriosadh:**

(f) an teanga nó na teangacha ina féidir gearáin a chur isteach agus ina féidir leis an nós imeachta um réiteach díospóide a dhéanamh;

(g) ráiteas ar na cineálacha díospóidí atá clúdaithe ag an nós imeachta um réiteach díospóide;

(h) na forais ar a bhféadfaidh an t-eintiteas um réiteach díospóidí diúltú déileáil le díospóid ar leith i gcomhréir le hAirteagal 5(4)

### **Freagra:**

## Airteagal 20 – Ról na n-údarás inniúil agus an Choimisiúin

Déanfaidh an Coimisiún uirlisí soláimhsithe a fhorbairt agus a chothabháil chun feabhas a chur ar chomharthaíocht do thomhaltóirí, a áirithiú go bhfaighidh, iad siúd a bhfuil faisnéis á lorg acu ar conas díospóid tomhaltóirí a réiteach, freagra tapa ar an eintiteas ADR is fearr chun teagmháil a dhéanamh leo dá gcás. Déanfaidh na huirlisí nua an liosta ilteangach atá ann de na heintitis ADR a chomhtháthú agus soláthróidh siad réitigh idirghníomhacha do thomhaltóirí chun na heintitis ADR is fearr a lorg dá ndíospóidí sonracha. Ba cheart freisin go soláthraíonn na huirlisí seo faisnéis faoi shásraí sásaimh eile agus naisc do na pointí teagmhála ADR nuabhunaithe.

Cuirtear an t-alt 8 seo a leanas le hAirteagal 20:

### **Focláocht Mholta:**

'20(8) Déanfaidh an Coimisiún uirlis idirghníomhach dhigiteach, a sholáthraíonn faisnéis ghinearálta ar shásamh tomhaltóirí agus naisc le suíomhanna gréasáin na n-eintiteas ADR ar tugadh fógra dó ina leith i gcomhréir le halt 2 den Airteagal seo, a fhorbairt agus a chothabháil.'

### **Freagra:**

## Airteagal 24 - Cumarsáid

Cuireann Airteagal 24(4) oibleagáid ar Ballstáit ainmneacha agus sonraí teagmhála de na pointí teagmhála ADR ainmnithe a chur in iúl faoi dháta áirithe.

Cuirtear an t-alt 4 seo a leanas le hAirteagal 24:

### Foclaíocht Mholta:

24(4). Faoi [cuir dáta isteach] cuirfidh na Ballstáit ainmneacha agus sonraí teagmhála de na pointí teagmhála ADR ainmnithe in iúl don Choimisiún i gcomhréir le hAirteagal 14(2).’.

### Freagra:

## Leasú ar Threoir (AE) 2015/2302 - maidir le taisteal láneagraithe agus socruithe taistil gaolmhara

**In Airteagal 7(2) den Treoir (AE) 2015/2302, cuirtear an méid seo a leanas in ionad pointe (g):**

‘(g) faisnéis ar nósanna imeachta chun gearáin a láimhseáil inti atá ar fáil agus ar shásraí um réiteach díospóide malartach (‘ADR’) de bhun Treoir 2013/11/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>12</sup> agus, i gcás inarb infheidhme, ar an eintiteas ADR ina bhfuil an trádálaí clúdaithe;’.

### Freagra:

**Leasú ar Threoir (AE) 2019/2161 – Maidir le rialacha cosanta tomhaltóirí an Aontais a chur i bhfeidhm agus a nuachóiriú i mbealach níos fearr**

**In Airteagal (5) den Treoir (AE) 2019/2161, cuirtear an méid seo a leanas in ionad pointe (b):**

‘(b) cuir gearán isteach chuig an ionad inniúil de Lónra na Lárionad Eorpach do Thomhaltóirí, ag brath ar na páirtithe atá bainteach.’

**Freagra:**

**Leasú ar Threoir (AE) 2020/1828 – ar Chaingne Ionadaíocha**

In Iarscríbhinn I do Threoir (AE) 2020/1828, scriostar pointe (44).

**Freagra:**

## 2. Leasuithe ar Réiteach Díospóide ar Líne

### Airteagal 1 – Ábhar

**Socraítear le hAirteagal 1 an dáta chun an Rialachán Uimh 524/2013 a aisghairm mar seo a leanas:**

Aisghairtear Rialachán (AE)Uimh 524/2013 le héifeacht ón [cuir isteach dáta sé mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].

**Freagra:**

### Airteagal 2 - Raon Feidhme

**Socraítear le hAirteagal 2 scor an Ardáin ODR mar seo a leanas:**

1. Déanfar an tArdán ODR Eorpach a scor.
2. Déanfar gearáin a thíolacadh a scor ar an [cuir dáta isteach [dhá mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo/ceithre mhí roimh dháta aisghairme an Rialacháin seo].
3. Cuirfidh an Coimisiún in iúl d'úsáideoirí an ardáin seo a bhfuil cásanna ADR oscailte acu faoin ardán a scor faoi [cuir isteach dáta dhá mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo/ ceithre mhí roimh dháta aisghairme an Rialacháin] agus cuirfidh sí cúnamh ar fáil chun sonraí cáis atá ar fáil dóibh a fháil ar ais más mian leo é sin a dhéanamh.
4. Ar a dhéanaí, ó [dd/mm/yy, i.e. sé mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] déanfar an fhaisnéis uile lena n-áirítear sonraí pearsanta i dtaca le díospóidí san ardán ODR a scríosadh.



**Freagra:**

**Leasú ar Threoir (AE) 2017/2394 – maidir le Comhoibriú idir na húdaráis náisiúnta**

In Iarscríbhinn do Threoir (AE) 2017/2394, scriostar pointe (22).

**Freagra:**

**Leasú ar Threoir (AE) 2018/1724 – maidir le tairseach aonair dhigiteach a Bhunú**

**In Iarscríbhinn III do Threoir (AE) 2018/1724, cuirtear an méid seo a leanas in ionad pointe (7):**

‘An liosta d'eintitis um réiteach díospóide tomhaltóirí malartach bunaithe ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 20(4) den Treoir 2013/11/AE’.

**Freagra:**

### 3. Barúlacha Ginearálta ar na Tograí